

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	T8
Ainm an Agalláí	Séamus (Jimí Mhicí Jimí) Mac Grianna
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	21/2/2006
Suíomh an Agallaimh	Rann na Feirste
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

' _____ '

Focal dothuigthe

' _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Anois a bhuel, tá mé i Rann na Feirste inniu ag Jimí Mhicí Jimí agus tá mé ag gabháil a thógáil uaidh trifle breá seanachais fán am a chaith sé sna tolláin, na blianta fada agus a óige, tosóidh muid ar dtús sular fhág sé Rann na Feirste but d'fhág sé measartha óg é ar scor ar bith, tiocfaidh muid fhad le sin níos moille. So anois a Jimí tá muid réidh le bheith ar shiúl. Tosóidh muid fá do chéad chuimhní ar an scoil ar a, ar an bhaile seo a Jimí agus nuair a chuaigh tú na scoile agus achan rud mar sin.

JIMÍ: Bhuel, rugadh mise anseo san áit a bhfuil mé, go díreach thíos in sean teach thíos ansin, cúig bliana agus trí scór sa lá amárach, chan in san am mhaith, tá mo lá breithe ann amárach agus bhí saol crua go leor againn in mo óige, bhí beirt deirfiúir níos sine ná mé, ba mé an chéad mhac a bhí ag mo athair agus mo mháthair, go ndéanfaidh an Rí mhaith orthu. Agus bhí triúr eile deartháireacha i mo dhiaidh-sa. Agus ba ghnách le m'athair a ghabháil go hAlbain achan bhliain, ó bheadh tús na bliana ann go dtí, dtí i dtrátha na Nollag agus ansin thiocfadh sé na bhaile arís go ndéanfadh sé an tEarrach agus a ghiollacht móna agus rudaí mar sin. Mo chéad chuimhní nuair a bhí mé óg, an lá a chuaigh mé na scoile, trí bliana go leith a bhí mé, nuair a chuaigh mé na scoile, an chéad uair, agus bhí iontas mór ansin, scaifte mór páistí istigh sa tsean scoil a bhí thiar ansin ar an tsráidbhaile agus ceithre, triúr máistir ann, fear as Ceann Caslach agus fear as Loch na nDeoran agus bean as an Chlochán Liath agus ba ag an bhean a chuaigh mise an chéad uair agus bhí tuairim is ar chúpla scór dá naíonáin ansin agus chuaigh mé isteach ansin agus ní raibh, ní

raibh trioblóid ar bith mórán agam leo. Ní raibh i bhfad agam le ghabháil, cúig bhomaite siar cois na locha go teach na scoile agus d'obair mé liom ansin más obair a bhéarfá air, ar feadh, go dtí raibh mé tuairim is ar, chuaigh mé suas na ranganna mar a déarfá agus nuair a bhí mé thart fá dhá bhliain déag bhí scrúdú le, le, le, le déanamh againn. Bhuel, ní raibh, ní raibh fiacha ort é a dhéanamh ach thiocthadh leat é a dhéanamh, dá, dar mhaith leat é agus bhí suim mhór in cúrsaí oideachais ag mo mháthair agus thug sí orainn, ormsa an scrúdú seo a shuigh agus teistiméireacht a bhí air agus rinne mé sin agus fuair mé toradh maith ar sin agus chiallaigh sin go dtiocfadh liom an scoil a fhágáil go gearr in a dhiaidh sin, fhad agus go rachainn go ceardscoil Loch an Iúir ná go ceardscoil inteacht ar scor ar bith. Agus thoiligh mé a ghabháil go ceardscoil Loch an Iúir agus bhí mé ansin tuairim is ar dhá bhliain ná níos lú agus tharla rud ansin a chur corr mór ar mo chinniúint, fuair mo mháthair bás. Agus bhí m'athair in Albain san am sin agus fuair sé scéala go raibh sí san otharlann in Leitir Ceanainn agus nach raibh sí rómhaith agus tháinig se na bhaile agus fuair sí bás go gearr i ndiaidh é a theacht na bhaile. Agus níl mórán cuimhne agam ar chorr ar bith ar a, ar an fhaire ná ar an tórramh. Anois, tá an chuid eile den teaghlach, tá cuimhne acusan air ach níl agamsa, cibé, cibé ciall atá leis, caithfidh sé go ndearna mé mo dhícheall é a dhruid amach as mo, as mo shaol go hiomlán. Ach, cibé ar bith, chaith mé bliain eile ansin anseo sa bhaile agus d'imigh m'athair go hAlbain arís agus bhí an deirfiúr is sine a bhí againn, Annie, bhí sise ag amharc inár ndiaidh agus chur sé fear den mhuintir is óige ná mise amach ag aintín domh a bhí amuigh i dTír Eoghain agus fear eile, ag aunt eile a bhí ina máistreás scoile thoir i nDún Fionnachaidh agus an fear a b'óige, Joe, cuireadh eisean anonn ag mo mháthair mhór, ní raibh sí ach trasna an bhealaigh uainn agus bhí mise anseo, mé féin agus Annie agus bhí deirfiúr eile agam a thóg mo, mo, mo m'athair mór agus mo mháthair mhór í, ise, agus bhí sise anseo fosta. Agus an darna bliain ina dhiaidh sin, thug sé leis an teaghlach uilig go léir, bhuel, amach an fear a b'óige agus na girseacha, thug sé leis triúr againn anonn go hAlbain ag na préataí. D'fhág muid seo agus fuair muid an bus ag ceann an bhealaigh agus amach go Doire, agus traen as Doire go Béal Feirste agus chuaigh muid ar bhád ansin anonn go, go Larne, ná, gabh mo leithscéal, go Stranraer.

DÓNALL: Sea. Bhuel, an raibh feirm speisialta déanta amach aige, a Jimí, raibh, raibh ceann...?

JIMÍ: Ó, ó bhí, bhí, bhí, bhí achan, bhí na, bhí na na na...

DÓNALL: Bhí sé ag obair ann le blianta, creidim.

JIMÍ: Bhuel, bhí seisean ag obair thall ann ach ní raibh sé ag obair ag na préataí, mar a déarfá, ba é seo an chéad am do a ghabháil ag an chineál sin oibre. Agus bhí muid le, le scaifte, scaifte mór againn, bhí tuairim is idir dhaichead agus leathchéad againn ann, de dhaoine óga agus sean daoine agus an uile cineál daoine, fir agus mná agus páistí. Agus chuaigh muid ar lorraí in Stranraer agus thug sin amach go dtí baile in Wigtownshire muid agus bhí siad ag fanacht linn ansin agus cuireadh isteach in sciobóil muid agus b'éigean do achan duine a leaba féin a dhéanamh le leaba '____' agus cochán agus málaí cochán faoi, faoi do cheann agus cúpla blaincéad an duine agus bhí muid inár luí istigh ansin agus staicín eallaigh ag, ag do chloigeann agus, agus slabhraí orthu agus a mhacasamhail sin agus bhí áit taobh amuigh ann fá choinne cócaireachta agus díreach ar an dó agus ar an trí a chlog ar maidin agus rachfá amach 's isteach sa cuibhreann na bpréataí sin agus bheadh inneall mór ansin ag baint na bpréataí agus bhí na mhuintir a b'óige a léadh agus bhí mise agus m'athair ag folmhú bairillí. Choinneodh achan bhairille acu tuairim is céad méachan agus bhí muid a bhfolmhú sin isteach i málaí agus d'fhualaidh suas an mála ansin agus chaithfeadh siad, chaithfeá a bheith amuigh ar an am sin ar maidin, luath ar maidin le na préataí sin a bheith istigh i nGlaschú fá choinne an mhargaidh ar maidin.

DÓNALL: Sea. Nach mbeadh se dubh dorcha, Jimí?

JIMÍ: Bheadh sé dorcha go maith ag imeacht amach dúinn, ba ghnách le, linn suigh ar charr dá, a, a bhéarfadh amach na chuibrinn muid agus bheadh na solais ag gabháil acu sin agus i dtrátha, bhuel, mí an Mheithimh, mí Mheithimh a bhí ann agus i dtrátha an trí ná an ceathair ar maidin, thosódh an lá ag glanadh agus tchífeá caidé a bhí tú ag déanamh, mar a déarfá.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Agus, b'fhéidir go mbeifeá críochnaithe thart fá am dinnéara. Bheadh an oiread préataí bainte agus a bhí, a bhí de dhíobháil in aghaidh an lae agus ansin nuair a chuaigh an t-am thart, bhuel ní raibh an éirí go luath ann, b'fhéidir nach mbeifeá amuigh ar go dtí thart ar tuairim is an seacht ar maidin. De réir mar a bhí an bhliain ag gabháil ar aghaidh. Agus bhog muid linn ó fheirm go feirm isteach go Ayrshire, agus ansin go Dunbartonshire agus ansin chuaigh muid, bhog muid ansin suas fá na Lothians agus thart fá ceantar Edinburgh agus ansin i ndeireadh na bliana chuaigh muid suas go Perth agus go Angusire.

DÓNALL: Agus cé mhéid bliain a rinne tú de sin uilig a Jimí?

JIMÍ: Rinne mé, rinne mise dhá bhliain ann agus rinne mo chuid deartháireacha cúpla bliain níos faide, bhí siadsan níos óige ná mise. Ach, nuair a bhí mise thart fá seacht mbliana déag, dár liom dá rachainn, go bhfiachfainn mo lámha ar oibreacha poiblí ná oibreacha níos mó.

DÓNALL: Bhuel, fan go bhfeicfidh tú go fóill, a Jimí, caidé cineál airgead a bhítear a shaothrú agat ag gabháil do na préataí san am?

JIMÍ: Bhuel, ní cuimhne liom mar is ceart ar an ábhar, ní fhaca mise airgead ar bith ariamh, ba ghnách le m'athair a ghabháil isteach tráthnóna Dé hAoine agus chruinneodh seisean ar gcuid páighe agus choinneodh seisean é agus shábhálódh....

DÓNALL: Tá a fhios agam, so eisean fear an tígh.

JIMÍ: Eisean, eisean, eisean a bhí, eisean a bhí ag amharc i ndiaidh an airgid....

DÓNALL:Sea.

JIMÍ:Bhéarfadh sé, bhéarfadh sé cúpla scilling dúinn ag deireadh na seachtaine. Le ghabháil ag na pictúireacha na rud inteacht mar sin tráthnóna Dé Sathairn

DÓNALL: Sea. Agus caidé fá, sin botaí a raibh tú ag fanacht ann a Jimí?

JIMÍ: Bhuel, ní botaí féin a bhí ann ach scioból, aye.

DÓNALL: Sea, bhí sin garbh go maith, nach raibh?

JIMÍ: Ó, garbh go maith, agus.....

DÓNALL: Lán luchógaí, creidim?

JIMÍ: Agus is iomaí uair a chonaic mé na luchógaí na rith thart fríd an teach agus arú, bhí tú cineál tuirseach i ndiaidh a bheith amuigh ón am sin ar maidin agus ba chuma leat mórán fá dtaobh daofa.

DÓNALL: Chodlófá do shaigh ar scor ar bith.

JIMÍ: Chodlófá do shaigh ar scor ar bith. Agus bhí scaifte mór de mo chuid chomráidí, rinne mé, rinne mé comráidí úra daoine as thiar Ailt an Chorrain agus Keadue agus Mullach Dearg agus achan áit thart ar Éirinn.

DÓNALL: Sea, Contae Mhaigh Eo déarfainn fosta.

JIMÍ: Bhí, bhuel, ní raibh mórán as Contae Mhaigh Eo linne ach bhí squad, cuid mhór de squadanna eile ann agus bhí siadsan mar a déarfá as Maigh Eo agus as páirteanna eile den tír. Agus as Conamara agus as áiteanna mar sin.

DÓNALL: Agus an ndéanfadh sibh féin bhur gcuid a Jimí? An gcaithfeadh sibh féin an chócaireacht a dhéanamh?

JIMÍ: Dhéanfadh, dhéanfadh. Dhéanfadh m'athair an bricfeasta agus an dinnéar agus an suipéar dúinn. Agus ní bhí uibheacha agus bainne agus préataí agus glasraí agus achan rud le fáil ar an fheirm sin agus ní chaithfeá a dhath ar bith de sin a cheannach. Go díreach, macasamhail feoil agus, agus, agus rudaí mar sin, cha bheadh sé ábalta, chaithfeadh sé é a cheannach.

DÓNALL: Cha bheadh ocras ar bith oraibh ar an dóigh sin.

JIMÍ: Ó, ní bheadh, ní bheadh ocras ar bith ort. Agus bhí ár ngoile go maith againn an t-am sin.

DÓNALL: Ó, bhí.

JIMÍ: Agus d'íos, bhí ár sáigh le hithe againn, sin rud amháin a bhí againn, aye, ní raibh ocras ar bith ann.

DÓNALL: Agus an bhfaighfeá greim sula n-imeofá amach ar an dó agus an trí ar maidin, a Jimí?

JIMÍ: Bhuel, bheadh m'athair ina shuí leath uair romhainn agus bheadh greim, greim déanta aige.

DÓNALL: Sea, sea.

JIMÍ: Agus ansin, d'itheadh muid linn agus d'imíodh muid linn amach. Agus bheadh píosa linn fosta agus thiocfadh leat, tá a fhios agat, do pháosa a bheith agat luath ar maidin agus ansin píosa eile sula dtiocfá isteach i ndiaidh am dinnéara ná roimhe am dinnéara ná cibé caidé, a fhad is a bhítear i do iarraidh amuigh.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Go dtí go mbeadh go leor préataí bainte.

DÓNALL: So rinne tusa smaoineamh ansin go n-imeofá síos go Glaschú, an bé a Jimí?

JIMÍ: Aye, bhuel, ní raibh an fad sin uilig go léir agam le ghabháil agus bhuaile mé suas le, le, le, le cúpla duine a raibh aithne agam orthu agus d'ímigh mé fríd Oibreacha Poiblí agus anois, dá gcuirfeá ceist orm cé mhéid comhlacht ar obair mise leofa, ní bheinn ábalta inse duit, bhí céadta acu ann.

DÓNALL: Bhí tú ó cheann go ceann agus bhí treán oibre ann.

JIMÍ: Ó cheann go ceann, agus b'fhéidir, thioctadh leat tosach in trí nó ceathair jeabanna in lá amháin agus rinne mé sin go minic.

DÓNALL: Mmm.

JIMÍ: Rachfá isteach in ceann agus ní raibh mórán dúil agat ann agus ní raibh dúil agat san rud a bhí tú ag déanamh ná ní raibh dúil agat san airgead a bhí tú ag fáil díolta agus nuair a chuirfeá fáisnéis gheobhfá amach caidé bhí, caidé an sórt, a raibh an pá cosúil leis, déarfá leat féin, bhuel níl mórán maith anseo agus d'imeofá agus gheobhfá isteach i gceann eile roimh am dinnéara agus b'fhéidir ceann eile i ndiaidh am dinnéara. Agus sin mar a bhí sé, ní raibh ganntanas ar bith oibre. Agus i ndeireadh na dála gheobhfá isteach in áit agus d'fhanfá ann. Agus ansin, d'ímigh mé suas go dtí tuaisceart na hAlban agus chaith mé blianta thuas ansin an áit a raibh hydro obair ag gabháil.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Na tolláin agus na damanna móra seo agus bhí an obair iontach crua ansin fosta, dhá uair déag, oíche agus lá, dhá uair déag san oíche agus dhá uair sa lá, shifts mar a déarfá agus d'obair mé ansin ó blianta agus blianta, gabháil ó cheann go ceann agus d'fhan mé níos faide iontu sin, b'fhéidir cuid acu bliain, cuid acu naoi mí, sé mhí agus. Thioctainn go Glaschú anois agus arís, b'fhéidir i gcionn achan sé

seachtaine fá choinne deireadh seachtaine agus ba ghnách liom a ghabháil ag damhsaí agus ag rudaí mar sin.

DÓNALL: An bé ag déanamh droicheadacha a bhí sibh ná tolláin isteach faoi?

JIMÍ: No, ag déanamh tolláin isteach fá choinne, fá choinne, ag déanamh córas leictreachais a bhí ann.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Agus tolláin fríd charraig mar a déarfá agus bhí, bhí obair cineál chrua ann agus obair gharbh agus iontach trom ort agus.

DÓNALL: Inis domh caidé an cineál treallaimh a bhíodh leat ag gabháil isteach ansin ar maidin, a Jimí.

JIMÍ: Bhuel, nuair a rachfá isteach ansin ar maidin bhí cuid mhór áiteacha, nuair a bhí, an áit a raibh siad ag úsáid gelagnite agus, agus, agus an cineál sin pléascáin. A raibh, raibh baint aige le, le, le, le electricity mar a déarfá. Ní bheadh cead agat solas de chineál ar bith a bheith istigh agat, bheadh beilt ort, bheadh battery ar an bheilt agus helmet ort ansin agus solas ar an helmet.

DÓNALL: Solas ar, sea, sea.

JIMÍ: Aye. Cosúil le, le, le mar a bheadh fá na, fá na mianaigh guail, tá a fhios agat.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Sin mar a bhí muidinne. Ag obair leis na, na, na machines sin a bhí, bhí, bhí fá choinne drillal isteach sa charraig agus iad a réabadh agus ansin bhí, ghlantaí amach sin agus thosófá ag polladh arís agus sin mar a bhí sé go díreach, ceann i ndiaidh an cheann eile, polladh agus ag réabadh agus ag cártú amach, amach na, na

carraige agus ansin dhéantaí rings le, le, le, le steel agus chuirí isteach ann agus fá choinne é a choinneáil sábháilte mar a déarfá, agus an t-uisce a iompar nuair a d'osclótaí suas an dam agus ligtí, ligtí an t-uisce fríd an tollán ansin síos go dtí an power station mar a deir siad féin agus.

DÓNALL: Caithfidh sé go raibh contúirt millteanach ann, a Jimí?

JIMÍ: Bhuel nuair a amharcann tú arís anois air bhí sé contúirteach, bhí sé iontach contúirteach.

DÓNALL: Bhí, bhí.

JIMÍ: Ach bhí muid óg san am.....

DÓNALL:Ní raibh tú ag smaoineamh air.

JIMÍ: Agus ní smaoineofá ar chontúirt agus is iomaí uair a dúirt mé, gur shíl mé féin ariamh go raibh, go raibh sé ar áit go sábháilte agus a d'obair mé ariamh, istigh in tollán mar sin ar an ábhar. Bhí scaifte fear i mo chuideachta agus bhí siadsan an dóigh chéanna, d'amharc achan duine i ndiaidh an duine eile. Agus má chonaic sé contúirt de chineál ar bith, d'ínis sé duit é.....

DÓNALL:D'ínis sé duit é. Sea.

JIMÍ: Nó bhrúigh sé ar shiúl amach as an chasán tú dá mbeadh rud ar bith ag titim ná dhath ar bith mar sin. Bhí duine inteacht i gcónaí ag coimhhead agus bhí tú féin i gcónaí ag coimhhead fosta agus choimhhead tusa an fear a bhí ag do thaobh agus choimhhead seisean tusa.

DÓNALL: Ach ag an am chéanna chonaic tú rudaí ag titim isteach a Jimí?

JIMÍ: Ó chonaic, chonaic mé rudaí agus.....

DÓNALL: Agus gortaíodh go leor, creidim.

JIMÍ: Gortaíodh go leor agus is iomaí fear a chonaic mé ag fáil gortú olc ach caithfidh mé a rá nach bhfaca mé aon duine ariamh i rith an ama sin a maraíodh agus maraíodh go leor in sa chineál sin oibre ach níor thug mise, ní raibh mise in am ar bith in áit ar bith ar maraíodh aon duine. Agus maraíodh col ceathrair domh féin in Loughall agus blianta ina dhiaidh sin agus bhí mé, bhí mé ansin nuair a, nuair a, nuair a tugadh a chorp na bhaile, mar a déarfá agus ní raibh mé ina chuideachta nuair a maraíodh é. Agus bhí mé ag gabháil dá sin fada go leor ach tháinig mé ansin is, d'oscail, thosaigh siad ansin ar an Chlyde tollán i nGlaschú agus tháinig mé isteach ansin agus fuair mé jeab ansin agus bhí compressed aer ansin agus ní thiocadh leat oibre ach ocht n-uaire, ní raibh cead agat obair in sa chompressed aer a dhath níos mó, bhí cúig phunta dhéag agus fiche compressed aer ann agus ní raibh cead agat oibriú ach na hocht n-uaire agus ansin cúpla uair istigh sa, sa lock ag fáil decompression mar a déarfá. Agus, bhí sin contúirteach go leor fosta, bhí sé i bhfad i bhfad níos mó, bhí, bhí, bhí, bhí, bhí tollán millteanach ansin, bhí sé tuairim is ar dheas de dhá scór troigh, tá a fhios agat trasna agus ar airde fosta. Agus bhí beirt acu ann, bhuel bhí ceithre pase ann agus bhí beirt acu ag réachtáil ag taobh a chéile agus ceithre pase, beirt ag gabháil ó thuaidh agus beirt ag gabháil ó dheas agus d'obair mé ansin roinnt blianta agus ansin d'éirigh mé cineál tinn de bheith ag obair istigh ann faoin talamh agus dar liom gur bhfearr domh dá bhfaigheann jeab taobh amuigh agus bhí comhlacht ansin, i nGlaschú an t-am sin fosta a raibh Rockfill orthu agus ag obair le carraig uilig a bhí siadsan agus ag gearradh amach bealtaí móra agus bhí quarryeacha (quarries) agus cineál sin oibre acu agus thosaigh mé leofa sin agus chaith mé b'fhéidir ocht mbliana ná idir sin agus naonúr leofasan agus i ndeireadh ama bhí mé, bhí mé mo, mo foreman acusan. Agus, bhí muid ar obair speisialta, bórail faoin fharraige. Agus.

DÓNALL: Cad síos agus a bhíodh sibh, raibh sibh síos iontach domhain?

JIMÍ: Ó, bhuel bhrathadh sé, bheadh áiteacha, bhí cuid mhór áiteacha a raibh an lán mara ann agus thiocadh an lán mara amach agus isteach, tá a fhios agat, agus bheadh áiteacha a mbeadh sé ceadáí troighe ar doimhne.....

DÓNALL: Bheadh.

JIMÍ: Agus áiteacha eile nuair a rachadh an lán mara amach nuair a mbeadh sé tuairim is ar dhaichead troigh. Agus chuaigh mé síos na Breataine Bige agus síos go Sasain agus áiteacha mar sin leofasan.

DÓNALL: Leis an chomhlacht céanna?

JIMÍ: Leis an chomhlacht céanna agus i dtrátha an ama sin casadh mo bhean orm agus pósadh mé, bhí mé leis an chomhlacht sin nuair a pósadh mé, sin 1965. Agus ní raibh muid i bhfad pósta go raibh clann againn agus cheannaigh mé an chéad teach i nGlaschú, 64, bliain sular pósadh mé agus rinne mé suas uilig go léir é agus bhí sé agam. An lá a pósadh mé, bhog muid isteach. Bhuel, tháinig muid anseo ara laetha saoire trí ná ceathair sheachtaine. Agus, nuair a chuaigh mé arís, chuaigh mé arís ag an chomhlacht sin agus nuair a bhí mo bhean chéile ag dúil leis an chéad duine clainne ní raibh sí iontach sásta mé a bheith ar shiúl as baile, bhí mé ar shiúl as baile an t-am sin.....

DÓNALL:Tá a fhios agam.

JIMÍ: Bhí mé thíos in Middlesborough agus bhí sise i nGlaschú agus bhí sí ag dúil le duine clainne agus ní raibh sí sásta mé a bheith ar shiúl agus thoiligh mé ansin fanacht sa bhaile agus d'fhág mé an comhlacht sin. Agus.

DÓNALL: Caidé mar a bhí an phá leo a Jimí, bheadh sé measartha maith, déarfainn?

JIMÍ: Ó, bhí sé maith anois in sa, in sa Chlyde Tollán bhí thart fá tuairim is ar ceithre scór punta agat, i ndiaidh achan rud a bheith díolta amach agat, bheadh thart fá tuairim is ar ceithre scór punt agat agus an t-am sin, an mhuintir.....

DÓNALL: *Jeez*, bhí sin go maith san am, nach raibh?

JIMÍ: Bhuel an t-am sin, an mhuintir a bhí amuigh ag obair ar na building sites ná rudaí mar sin, ní raibh mórán acu le, le, ó chúig phunt dhéag go dtí scór. Agus thosaigh mé ansin le, le comhlacht eile, nuair a, nuair a, nuair a d'fhág mé Rockfill, thosaigh mé le comhlacht eile ansin, bhí, ag cur isteach rud a dtugadh siad piped television air, píopaí fá choinne cáblaí fá choinne teilifís a chur fríd scoltacha agus bhí sin i nGlaschú. Agus thosaigh mé acu sin agus a thiomáint lorraí agus chaith mé cúpla bliain ag tiomáint a lorraí agus ansin tháinig an seans aníos agus rinneadh suas mé go dtí foreman ansin fosta. Agus bhí mé acu sin tuairim is ar sé bliana ná mar sin ná b'fhéidir níos faide, níl cuimhne agam mar is ceart anois cá fhad agus a bhí mé acu. Agus nuair a bhí an obair sin críochnaithe, bhuel, ní raibh an obair ró, ró, ró, ró fairsing acusan agus chuaigh mé amach le comhlacht eile a bhí ar an chineál chéanna oibre, ag cur isteach cáblaí leictreachais agus píopaí gais agus píopaí fá choinne telecommunication agus an cineál sin oibre agus thosaigh mé leofasan mar foreman agus d'obair mé bliain nó mar sin leofa agus bhí siadsan ansin ag cuardach fear a d'amharcadh i ndiaidh, thart ar, ar, ar Ghlaschú agus ar, ar, ar an taobh sin de Albain mar a déarfá. Agus agent a thug siad air agus rinne siad suas mé go dtí agent agus tugadh carr domh agus thiocthadh liom a ghabháil amach ansin agus coiléar agus tie a bheith orm agus mé a bheith cóirigh agus ghabháil a, ghabháil a.....

DÓNALL:Bhí tú ar dhroim na muice ansin.

JIMÍ: Bhí mé ar dhroim na muice anois agus mé ag dul ó jeab go jeab. Agus ag amharc i ndiaidh an chineál sin oibre. Bhí mé acu sin go dtí bliain sular fhág mé, sular fhág mé thall. Agus, d'éirigh mé cineál tinn de sin fosta agus ní raibh ag gabháil mar a ba mhaith liom iad a bheith agus bhí mé ag cineál ag titim amach le, le daoine a bhí os mo chionn. Ní raibh duine ar bith in Albain, bhí mé, bhí mé, bhí mé féin, mar a déarfá, i gceannas ar a, ar a, ar a, ar iomlán a raibh in Albain in san am.....

DÓNALL:Tá a fhios agam.

JIMÍ: Agus bhí siadsan thíos in Sasain, an chomhlacht agus ní raibh, ní raibh siad rómhaith do na fir agus ní raibh dúil agamsa in sin, bhí siad iontach trom ar obair agus trom ar aire agus ní raibh dúil agamsa in sa, ní raibh siad ag fáil, ag tabhairt a gceart daofa mar a déarfá. Agus bhí fir i gcónaí gann in airgead ar lá na páighe agus rudaí mar sin agus.....

DÓNALL:.....Chuir sin do shaigh corraí ort go díreach.

JIMÍ: Aye, bhuel chur, ní, ní, ní raibh dúil agam ansin agus thosaigh mé a thitim amach leo fá dtaobh de rudaí mar sin ar an fón agus thiocfadh siad aníos agus, agus chuirfeadh rudaí i gceart ansin tamall beag agus ansin thosódh sé a ghabháil.....

DÓNALL: Chun sioparnaigh arís.

JIMÍ: Chun sioparnaigh arís agus i ndeireadh na dála, d'fhág mé iad. Agus chaith mé bliain ansin, thosaigh mé ag obair domh féin agus.

DÓNALL: Caidé an cineál oibre a rinne tú ansin a Jimí?

JIMÍ: Cineál céanna oibre a bhí mé ag déanamh, achan uile chineál, a dhath ar bith a bhfaigheann agus bhí tuairim is ar scór fear ag obair agam. Ach bhí, bhí, bhí, bhí rudaí cineál ag gabháil i m'éadan ansin fosta. Bhí rud ann a dtugadh siad an 714 air, sin ticéad a ghlacfa a bheith agat leis an obair a fháil agus ghlacfa an obair a bheith agat leis an ticéad sin a fháil agus ansin ní bhfaighfeá an obair gan an ticéad a bheith agat....

DÓNALL: Gan an ticéad, sea, tá a fhios agam, sea.

JIMÍ: Agus cineál dá mar a dúirt an béarla, le catch 22 situation a bhí ann....

DÓNALL: Sea, sea.

JIMÍ: Agus bhí, bhí fir eile a raibh tickets acu agus ba ghnách liom iad sin a fháil leis, le, le, le síniú ar son an airgid agus bhí siadsan a iarraidh a gcuid féin amach as

sin, tá a fhios agat, agus Éireannaigh a bhí iontu fosta, agus caithfidh mé a rá agus bhí mise ag déanamh go raibh siad ag baint barraíocht domh agus nuair a bhí na fir díolta agus iadsan díolta agus mise amuigh ag obair achan lá....

DÓNALL: Tháinig a fhios duit nár bhfiú duit.

JIMÍ: Ní raibh, bhuel, bhuel, ní raibh, ní raibh oiread agam agus a ba mhaith liom agam agus creidim bhí mé, bhí mé ag déanamh airgead go leor, bheinn ábalta a bheith beo i gceart air ach bhí rún ariamh agam a theacht ar ais agus cónaí in Éir, a dhéanamh in Éirinn.

DÓNALL: But creidim go raibh tú ag teacht na bhaile ar saoire bhfuil a fhios agat, ag tús an tsamhraidh?

JIMÍ: Ó, achan bhliain, achan bhliain, thiocfainn, thiocfainn na bhaile sa tsamhradh.

DÓNALL: Agus chonaic tú sa athrach sa bhaile?

JIMÍ: Chonaic, bhuel fuair, d'éirigh m'athair tinn ansin, ní raibh se ag coinneáil go maith agus bhog seisean isteach ag mo dheirfiúr. Agus bhí an sean teach ansin ar fad agus bhí aicise le amharc i ndiaidh an tsean-tigh agus chur sí scéal anonn agamsa agus dúirt sí go raibh sí ag bráth é a dhíol agus dúirt mise léi bhuel nach díol le strainséir ar bith é agus dúirt sí, bhuel a dúirt sí, caithfidh mé é a dhíol le duine inteacht a dúirt sí, tá agam, tá mo theach féin agus, agus tá sin agam le amharc ina dhiaidh agus dúirt mise, bhuel, ceannóidh mise uait é, so cheannaigh mé é agus bhí sé agam ansin cúpla bliain nuair a tháinig mé anseo ar laetha saoire agus bhí sé agam i gcónaí fá choinne thart ar laetha saoire agus rinne muid suas ár n-intinn ansin go bhfágfadh muid thall. Bhí na páistí fásta suas an t-am sin, bhí, bhí, bhí an scoil fágtha ag beirt acu. Bhuel, ní raibh, bhí an scoil fágtha ag duine amháin acu, bhí an duine eile réidh leis an scoil a fhágáil agus bhí sin, Siún agus Maureen, bhí siadsan sna déaga bhliana agus ansin bhí Michelle, ní raibh sise ach ocht mbliana agus bhí Mícheál, sin an fear is óige agam, bhí seisean dhá bhliain.

DÓNALL: Bhí sé doiligh go leor a fhágáil mar sin a Jimí, nach raibh?

JIMÍ: Bhí, bhuel bhí agus ní raibh. Bhí, ní raibh dúil, bhí cineál ag cur isteach orm, idir brú oibre agus, agus, agus, ag a, ag a, ag na comhlachtaí a raibh mé leis agus nuair a thosaigh mé liom féin agus nuair a thosaigh mé liom féin agus achan rud, thosaigh mé ag ól. Agus, bhí mé ag éirigh níos troime agus níos troime ar an ól go dtí go raibh sé ina chineál de fhadhb agam agus chríochnaigh mé suas le fadhb ólacháin agus, agus ar ndóigh, ní raibh a fhios agam, ní raibh a fhios agam go raibh sin agam agus ní raibh a fhios agam caidé a bhí ag teacht orm. Agus bhí mé ag caitheamh cuid mhór ama fá na tithe tabhairne agus nuair a thiocfainn isteach tráthnóna, rachainn díreach isteach iontu agus ní thiocfainn na bhaile go ham luí agus d'éireoinn ar maidin ansin agus ní bheadh an form ró mhaith agus rachainn amach agus idir a, idir achan rud....

DÓNALL: Bhí tú ar an drabhlás agus ní raibh a fhios agat é.

JIMÍ: Bhuel bhí agus, agus, agus ní, ní raibh oiread tabhairt faoi deara ionam féin agus go dtabharfainn faoi deara sin. Shíl mé nach raibh mé ag déanamh dochar do aon duine ach domh féin. Agus dá ligfeadh siad domh agus achan duine ag gabháil domh agus bhí mo bhean ag gabháil domh agus bhí an teaghlach ag gabháil domh agus ní raibh mé sa bhaile chorr a bheith ar chorr ar bith agus, ach nuair a bheinn, nuair a bheinn i mo chodladh agus bhí mé ag éirí ar maidin agus ansin chaill mé ceadúnas, beireadh orm cúpla uair agus chaill mé an ceadúnas agus níor stad mé a thiomáint ar chorr ar bith, thiomáin mé liom i rith an ama agus bhí sin ag cur brú orm fosta, tá a fhios agat, a bheith ar shiúl le carr agus gan ceadúnas agat agus nach raibh a fhios c'uair a bhítear ag gabháil do stopadh. Agus dar liom go dtiocfainn go hÉirinn agus go mbeadh saol níos fearr anseo in Éirinn agus labhair mé le bean an tí air agus tá mé ag déanamh go raibh sise go tinn don dóigh a bhí orm go raibh sí sásta go leor a theacht.

DÓNALL: Sea agus b'fhéidir gur shíl sí gur bhfearr an rud é.

JIMÍ: Aye, aye agus bhuel bhog muid cúpla uair i rith an ama anois a bhfuil mé ag caint air. Bhog muid cúpla uair, d'fhág muid Glaschú agus chuaigh muid a chónaí i dteach, i dteach taobh amuigh de, teach maith, a raibh gar, garraí ar an tosach agus garraí ar a chúil.

DÓNALL: Sea. (Sin duine inteacht ag teacht isteach. Á, tá sí ar shiúl arís.)

JIMÍ: Agus, agus ansin ní raibh sé sin mór go leor ansin agus fuair mé ceann níos mó fá ghiota do agus bhí sé sin agam le díol nuair a bhí mé ag fágáil, mar a déarfá agus bhí barúil mhaith agam go dtiocfadh liom teach a thógáil anseo ar a, ar an luach a bhí mé ag gabháil a fháil ar an cheann sin thall.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Agus chur muid suas an teach le díol, dhíol muid amach é agus tháinig muid anall anseo go hÉirinn, bhí sin '83.

DÓNALL: Agus ar thóg tú féin an teach ansin a Jimí?

JIMÍ: Bhuel chuaigh mé a chónaí an chéad uair sa tsean teach.....

DÓNALL:Sa tsean teach, sea.

JIMÍ: Thíos an áit a raibh sé agus bhí rún agam maisiú agus deisiú a chur air agus é a dhéanamh níos nua-aimseartha mar a déarfá ach ...

DÓNALL: ...Chosnódh se an oiread duit.

JIMÍ: Ach bhí sé ina luí, bhí sé ina luí thart an bhliain uilig agus amach ó chuirfeadh mo dheartháir tine ann anois agus arís, ach, bhí sé, bhí sé ag gabháil i ndroch staid agus, agus dar liom nuair a bheadh se cóirithe agam, go mbeadh sé cos, chosnódh sé oiread domh agus gur bhfearr domh, gur bhfearr domh ceann úr a dhéanamh.

DÓNALL: Bheadh sin daor fosta.

JIMÍ: Agus rinne mé an teach a bhfuil mé, bhfuil muid inár suí anois ann.

DÓNALL: Sea, teach ar dóigh fosta.

JIMÍ: Thóg mé, thóg mé, thóg mé an teach seo anseo agus thóg mé.....

DÓNALL:Rinne tú féin an obair, a Jimí?

JIMÍ: Ní dhearn, rinne mé féin, rinne mé féin an bealach isteach fhad leis agus rinne mé an, rinne mé suíomh an tígh agus d'fhág mé réidh é. Ach obair a bhí ann nach dearn mise ariamh, tógáil tithe.....

DÓNALL:.....Tá a fhios agam.

JIMÍ: In am, i rith an ama a bhí mé ar shiúl, níor thóg mé teach ariamh, níor, níor, ní raibh baint ar bith agam dá thógáil tithe, bhí mé i gcónaí istigh faoin talamh ná, ná ag déanamh obair den chineál sin. Agus, ag obair le pléascáin agus rudaí mar sin ach ag teacht anall domh, bhí compressor agam thall nuair a bhí mé ag obair liom, domh féin agus bhí mé ag smaoineamh i gcónaí ar an méid carraigeacha agus an crigeacha agus rudaí atá thart anseo, go mbeadh sé sásta agus thug mé liom anall é.

DÓNALL: But bhí seo ina shuí ar dhroim crige, nach raibh a Jimí?

JIMÍ: Bhí, an teach seo agus ní, ní ba liomsa an talamh a bhfuil an teach seo air ar chorr ar bith, bhí sé go díreach ag taobh an áit, an áit a raibh an tsean-tigh.

DÓNALL: Ó, sea, cheannaigh tú píosa.

JIMÍ: Cheannaigh mé, cheannaigh mé an píosa seo ó chomharsa domh anseo agus réab mé é agus rinne mé réidh é le, le teach a thógáil air. Agus, fuair mé daoine

ansin a thóg an teach domh agus d'obair mé féin ina gcuideachta, mar a déarfá, agus chuidigh mé leofa.

DÓNALL: Sea, sea.

JIMÍ: Fuair mé siúinéirí ansin agus chuidigh mé leis an tsiúinéir d'ion a chur air agus fuinneoga a chur ann agus achan uile rud mar sin. Agus ach i rith an ama sin níor stad mé ól agus shíl mé nuair a d'fhág mé thall tá a fhios agat go mbeinn ábalta gearradh anuas ar an deoch agus go mbeadh saol níos fearr agam.

DÓNALL: Ach bhí greim aige ort anois.

JIMÍ: Ach in áit, in áit sin bhí greim aige orm agus chuaigh sé chun donais glan agus chaith mé trí bliana i ndiaidh a theacht na bhaile agus bhí mé ag ól liom agus bhí sé, bhí, bhí, bhí an t-ólachán ag gabháil chun donais agus ní raibh rudaí ag gabháil ró mhaith sa tír seo ach an oiread domh agus lá amháin d'éirigh mé ar maidin agus in áit a theacht anseo ag obair ar an teach, ní raibh an teach críochnaithe ná a dhath, d'imigh mé ar an seacht a chlog ar maidin agus fuair mé teach luath le gabháil isteach agus d'ól mé i rith an lae, ag ól uisce bheatha agus leanna ó bhí sé an seacht a chlog ar maidin ann go dtí raibh sé an naoi a chlog an oíche sin agus bhí mé go holc an t-am sin agus a bhí mé an chéad rud ar maidin, ní raibh sé ag déanamh maith ar bith domh. Agus cheannaigh mé an deoch, sin an deoch dheireannach go dtí inniu a bhfuil cuimhne agam uirthi. Tá cuimhne mhaith agam uirthi, cheannaigh mé í agus bhí sí ina suí romham ar an *chounter* agus d'amharc mé uirthi agus dúirt mé liom féin bhuel níl, níl seo, níl seo ag gabháil a obair, tá mé ag ól ó bhí sé an seacht ar maidin agus níl mé, níl mé fáil biseach de chineál ar bith agus tá mé níos measa anois ná a bhí mé ar maidin agus níl an deoch seo ag obair agus caithfidh mé stad. Agus níl mé ábalta stad mé féin agus caithfidh mé cuidiú a fháil. Agus d'fhág mé an deoch ina suí ansin, níor ól mé ar chorr ar bith í, d'fhág mé ina suí ansin í, shiúl mé amach ar an doras agus shiúl mé na bhaile agus in áit a theacht isteach an tígh chuaigh mé thart leis an teach, bhí iníon domh pósta an t-am sin agus ní raibh sí i bhfad ón áit a bhfuil mé i mo shuí anois agus chuaigh mé isteach aicise agus bhris mé anuas agus chaoin mé mo sháigh agus dúirt mé go

raibh mé ag déanamh go raibh fadhb ólacháin agam agus go gcaithfinn rud inteacht a dhéanamh fá dtaobh de. Agus tá cuimhne mhaith agam ar an rud a dúirt mé léithe, dúirt sí, 'ó bhuel', a dúirt sí, 'Dad, fhad agus go bhfuil a fhios agat caidé atá contráilte, is furasta bail a chur air' agus dúirt mé, 'bhuel is fearr duit a ghabháil anonn agus inse do do mháthair anois' a dúirt mé 'ar an ábhar, go bhfeicfidh muid caidé a dhéanfaidh sise fá dtaobh de'. Agus ba í an rud a b'iontaigh is títheas domh a dtáinig mé amach ariamh leis ná a rá go raibh fadhb ólacháin agam agus ag iarraidh ar m'íníon ceist a chur ar mo mháthair caidé a bhí sí, ar a máthair, caidé, caidé a bhí sí ag gabháil a dhéanamh fá dtaobh de ach.

DÓNALL: Bhuel ghlac tú an chéad chéim ceart, a Jimí. A rá, a rá go raibh fadhb agat, sin an chéad chéim.

JIMÍ: Aye. Bhuel sin an rud a dúirt sise. Bhuel tháinig mé anall anseo ansin agus chuaigh mé a luí, agus má chuaigh féin, ní chodladh mé néal agus d'iarr mé ar bhean an tígh lá arna mhárach a ghabháil ag an dochtúir agus fiach le pill ná tablet ná rud inteacht a fháil domh a chuideodh liom.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Agus chuaigh sise, bhí mé go minic ag an dochtúir thiar ann i roimhe, tá a fhios agat, ag cuardach, ag cuardach rudaí inteacht le cuidiú liom agus bhí a fhios aigesan go maith nach dtiocfadh leis a dhath a dhéanamh, dúirt sé 'níl maith domsa, ní maith domsa a dhath a thabhairt don fhear sin', a dúirt sé, 'ach' a dúirt sé, 'agus ní mé ag gabháil síos a chorr ach oiread', a dúirt sé, 'cuirfidh mé fear inteacht síos aige a chuideoidh leis' agus tháinig stráinséir fir isteach anseo agamsa, agus bhuel ní isteach anseo, thíos sa tsean teach a bhí mé san am. Agus shuigh sé ag mo thaobh ag taobh na leapa agus thosaigh sé ag caint ar, ar féin, go raibh fadhb ólacháin aigesan agus caidé a rinne sé fá dtaobh de agus má tá tusa toilteannach a dúirt sé, déan mar a rinne mise, cuirfidh mise síos leat a dúirt sé go bhfaighidh tú biseach. So, bhí mise réidh le chuile rud, a dhath ar bith a fhiachailt in san am, d'fhiachfainn, d'fhiachfainn dhath ar, d'fhiachfainn dhath ar bith le, le, le fáil réitigh den droch dhóigh a bhí orm agus rinne sé, mise mar d'iarr seisean orm agus buíochas do Dhia

go dtí an lá atá inniu ann níor b'éigean domsa greim a fháil ar ghloine ó shin. Ach ní raibh sin furasta ach oiread. Bhí am crua ann tuairim is ar an chéad sé mhí.

DÓNALL: Déarfainn go raibh sé damánta a bheith...

JIMÍ: Ó, bhí. Agus.

DÓNALL: Ach fuair tú an bhua ar a Jimí.

JIMÍ: Bhuel, an rud a b'iontaigh, ní thioctadh liom, ní thioctadh liom, ní thioctadh liom a shamhailt go dtiocfadh liom a bheith beo gan deoch agus ní thioctadh liom feiceáil caidé an dóigh a dtiocfadh liom a ghabháil ag bainis ná ag tórramh ná ag a dhath ar bith.

DÓNALL: Gan braon a ól.

JIMÍ: Gan, gan, gan, gan, gan a bheith ábalta deoch a ól.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Agus ba í sin a rud a ba mhó a bhí mo scáradh, go raibh mé ag gabháil a chaitheamh an chuid eile de mo shaol gan, gan deoch. Agus shíl mé an chéad uair go mbeadh sé seo ábalta inse domh an dóigh le, le hól agus, agus, agus amharc i mo dhiaidh féin, tá a fhios agat, ach an teachtaireacht a thug seisean domsa gurb é an chéad deoch, deoch a bhí a dhéanamh uilig agus dá mbeadh an darna ceann ná an tríú ceann, go bé an chéad deoch a bhí a dhéanamh uilig. Agus, gan, gan a bheith ag amharc ró fhada chun tosaigh dúirt sé, glac achan lá ar a shon féin. Go ó lá go lá a dúirt sé agus de réir a chéile éireoidh sé níos fusa agus deirimse, deir sé, ad, admhóidh mise a deir sé nach raibh sé furasta agam ach oiread a dúirt sé ach a dúirt sé sin mo experience a dúirt sé, go dtiocfaidh an lá a dúirt sé agus beidh tú ábalta siúl thart le teach tabhairne a dúirt sé agus gan tú a bheith lách le ghabháil isteach agus taobh istigh de bhliain tharla sin domsa.

DÓNALL: Bhí an bhua agat air.

JIMÍ: Bhí an bhua agam air.

DÓNALL: Maith thú.

JIMÍ: Bhuel tá mé ag déanamh nach mbíonn an bhua agat ar i choíche.

DÓNALL: Bhuel, creidim nach mbíonn.

JIMÍ: Aye.

DÓNALL: Ach ag an am chéanna, tá tú ábalta.

JIMÍ: Ach san am chéanna sin mar atá mé beo anois, chuile lá go lá agus níl an fhiach orm amharc níos faide na an lá eile. Tá mé breá sásta de sin, tá mé breá sásta nach, nach n-ólaim, tá a fhios agam anois i mo shuí anseo nach n-ólfaidh mé deor ar bith inniu ach níl mé iontach cinnte de amárach. Ach má bhím ar an intinn chéanna amárach agus atá mé air inniu, ní ólfaidh mé aon dheor amárach ach oiread.

DÓNALL: Ní ólfaidh.

JIMÍ: Ach ar dhóigh inteacht, amharcaím ar nach bhfuil amárach ar bith ann, níl ann, níl ann ach inniu agus ar bhomaite an dó dhéag anocht, beidh inniu eile ann.

DÓNALL: Tá sin fíor.

JIMÍ: Agus sílim nach bhfuil amárach ann, agus inné, bhuel, ní thig liom a dhath a dhéanamh fá dtaobh dá dhath a tharla inné, d'fhoghlaim mé sin. Ní, ní, ní, ní, ní amach as mo chloigeann féin atá seo ag teacht, tháinig sé amach as rudaí a léigh mé agus rudaí a insíodh domh agus rudaí a chuala mé. Agus tá inné thart agus cibé caidé a tharla inne, bhuel, ní thig liomsa dhath ar bith a dhéanamh fá dtaobh de

anois, ach, glacadh leis, mar a déarfá. Ach b'éigean tú mo shaol, agus mo dhóigh agus achan rud a athrach.

DÓNALL: Go hiomlán, go díreach.

JIMÍ: Go hiomlán agus éirigh dáríre fá dtaobh den dóigh seo le bheith beo agus tá a fhios agam agus tá mé breá sásta do go bhfuil, go, go, go bhfuil saol i bhfad níos fearr agam agus dóigh i bhfad níos fearr orm. Anois le ghabháil arís go dtí an t-am a tháinig mé as Albain, a raibh mé ag caint ar chéanna féin, bhí, bhí athrach millteanach agamsa a theacht anall. Shíl mise go mbeadh sé cosúil le nuair a thiocfainn anall ar laetha saoire sa tsamhradh agus tá a fhios agat, nuair a rachfá ar trí seachtaine ná mí agus rachfá anonn arís.

DÓNALL: Agus bhí do chairde uilig sa bhaile.

JIMÍ: Agus bhí achan duine sa bhaile.

DÓNALL: Bhí achan duine ar an bhád chéanna.

JIMÍ: Agus bhí am breá againn. Ach.....

DÓNALL:Níor amhlaidh an cás.

JIMÍ: Níor amhlaidh an cás nuair a tháinig mé le fanacht.

DÓNALL: Bhí Rann na Feirste athraigh fosta a Jimí.

JIMÍ: Bhuel, beagán ná mhórán, bhí agus cuid mhór tithe úra thuas agus cuid mhór strainséirí thart agus rudaí mar sin agus.

DÓNALL: Léir de na sean Ghaeil marbh.

JIMÍ: Bhí, bhí, bhí, bhí, bhí cuid mhór marbh agus cuid mhór a tháinig an tsaol agus gan aithne ar bith ar chorr ar bith agam orthu. Agus thart fríd na Rosa agus Gaoth Dobhair agus Cloich Cheann Fhaola agus na háiteacha sin agus an áit ar chaith mise m'óige. Bhí muileann luailte ag m'athair agus ba ghnách leis a ghabháil thart ag bualadh fodair agus ba ghnách liomsa a bheith leis agus na daoine sin a raibh muidinne ag obair acu an t-am sin, ní, ní, bhí siad marbh nó bhí siad ó mhaith agus.....

DÓNALL:B'fhéidir píosa fada isteach go Gaoth Dobhair agus thart fá na paróistí uilig.

JIMÍ: Ó, chuaigh cinnte, chuaigh thart fá na paróistí uilig go léir agus bhí na daoine sin imithe agus daoine úra ina n-áit agus ní raibh aithne agamsa orthu agus bhí dearmad déanta de chuid mhór daoine agam fosta. Agus, b'éigean domh, nuair a d'athraigh mé mo dhóigh, b'éigean domh cairde de chineál eile a dhéanamh.

DÓNALL: Sea. Agus shocair tú de réir a chéile, creidim.

JIMÍ: Bhuel, ghlac sé mise, déarfainn, ,trí ná ceathair bhlianta socrú síos anseo agus tá sin scamhfar a rá ag fear ina bhaile féin, bhí mo chuid, seo i mo bhaile féin, agus mo chuid daoine muintearach agus mo chairde agus achan rud thart orm. Agus chonacthas domh nár, nár, nár, nár, nár shocair mé síos go dtí go raibh mé tuairim is ar cheithre bliana anseo. Anois bhí mé bliain anseo ar scor ar bith sular, sular, sular shocair mé mar is ceart agus an rud a chur iontas orm, bean an tígh, nach raibh, nár tógadh sa tír seo, tháinig sí ar an tsaol i nGlaschú agus a tháinig anall, shocair sise síos gan moill ar bith.

DÓNALL: Gan moill ar bith.

JIMÍ: Agus an mhuintir óga fosta, bhuel, na girseacha is sine, shocair siadsan síos agus bhí rud beag trioblóide ag Michelle, ní raibh sise ach ocht mbliana ag teacht dúinn. Nuair a chuaigh sise na scoile, ní raibh Gaeilge ar bith aici. Agus d'fhág mise an locht sin orm féin fosta, gur fhéad mé Gaeilge a bheith aici ar an ábhar, bhuel,

choinnigh mé cineál de ghreim i gcónaí ar mo theanga féin, ainneoin gur chaith mé blianta gan a bheith a caint, mar a déarfá.

DÓNALL: Tá a fhios agam. Sea.

JIMÍ: Amach ó chorr chomharsa a chastaí orm a dtiocfadh linn ár gcráic agus ár gcomhrá a dhéanamh i nGaeilge. Rinne mé sin i gcónaí nuair a chastaí aon duine orm a raibh Gaeilge aige. Ach an mhórchuid den am, béarla a bhítear a úsáid agus béarla a bhítear a úsáid in sa teach thall agus béarla a bhí ag an teaghlach agus béarla a bhí ag bean na n-ocht mbliain sin agus b'éigean dí-se a ghabháil na scoile anseo agus is iomaí a tháinig sí na bhaile agus í ag caoineadh, nár thuig sí caidé a bhí an máistir ná na máistirí a rá agus nár thuig sí an obair baile agus tá a fhios agat, scríobhfadh siad suas ar an chlár é agus chaithfeadh sí ansin déanamh, feiceáil caidé a bhí le déanamh aici agus ní raibh a fhios aici caidé a bhí. Rinne mise mo dhícheall anois agus arís agus.

DÓNALL: Fuair sí an bhua air, a Jimí?

JIMÍ: Fuair sí an bhua air agus tá sí ina cainteoir dúchais anois.

DÓNALL: Tá sí. Ar an raidió ach an lá anois.

JIMÍ: Tá sí ar an raidió ach an lá anois agus tá, Raidió na Gaeltachta agus Gaeilge, aye.

DÓNALL: Tá sin iontach maith, nach bhfuil?

JIMÍ: Ach ní raibh trioblóid ar bith ag an fhear óg, ní raibh seisean ach dhá bhliain go leith agus mar a déarfá, tógadh eisean, ghlac seisean leis an Ghaeilge.

DÓNALL: Ó bhuel, nuair a bhí tú dhá bhliain d'aois creidim, ní bheadh mórán

JIMÍ: No. Agus bhí achan duine ag caint Gaeilge leis thart anseo, ní labharadh aon duine béarla leis agus chuaigh sé na scoile agus ní raibh trioblóid ar bith aige, sin ag Mícheál. Ná, ná trioblóid ar bith againn leis ach oiread. Agus cúpla bliain in a dhiaidh sin, chuaigh bean an tígh, thosaigh sí ag gabháil ag ranganna oíche agus d'fhoghlaim sise Gaeilge agus bhuel, ní thiocfadh liom a rá go bhfuil sí ina cainteoir dúchais ach tá oiread aici agus a ní gnoithe di.

DÓNALL: Tá tréan Gaeilge aici a Jimí.

JIMÍ: Agus, thosaigh sí ag coinneáil scoláirí Gaeilge. Tá coláiste anseo i gcúl an tígh agus chuaigh sí a choinneáil scoláirí Gaeilge sa tSamhradh agus tá sí ina bean tígh, ceann de na mná tígh na coláiste agus.

DÓNALL: Is maith í.

JIMÍ: Agus tá mé breá sásta le mo shaol anois.

DÓNALL: Inis seo domh a Jimí agus tú ag caint ar sin, an bhfuil tú den bharúil gur chaill tú amach, bhfuil a fhios agat, go speisialta nuair a d'ímigh tú i do ghasúr bheag óg agus gur chaill tú léir de do shaol.

JIMÍ: Bhuel, sílim gur chaill, sílim, sílim go bhfuil oiread d'intleacht i mo chloigeann agus a chuirfeadh níos faide mé, nuair a gheobhainn léinn, nuair a gheobhainn léinn.

DÓNALL: Sílimse sin fosta.

JIMÍ: B'fhéidir go raibh agus b'fhéidir nach raibh. Níl, níl mé buartha as na áiteacha a raibh mé agus na rudaí a rinne mé. Níl mé buartha fá a dhath ach gur chur mé páirt mhór de mo shaol amú le ólachán. Tá mé, tá mé, tá mé buartha faoi sin ach na rudaí eile, níl. Ach títheor domh san am chéanna, dá bhfanfainn sa bhaile, anois, ní raibh mórán céile ag m'athair le leánn. Bhí sé ábalta léamh agus scríobh agus sin a raibh aige. Déarfainn dá bhfanfainnse anseo agus b'fhéidir a ghabháil na coláiste, ná go hOllscoil na go háit.....(briseadh sa téip)

DÓNALL: Bhí tú ag rá ansin a Jimí, dá bhfanfá anseo, tá tú ag meas go bhfaighfeá ar aghaidh go measartha maith.

JIMÍ: Bhuel, déarfainn, tú chuile seans go má bhféidir go bhfaigheann ar an ábhar, mo chuid daoine muinteartha agus mo chuid cairde thart anseo, duine ar bith acu nár imigh, fuair siad ar aghaidh maith go leor agus tá siad, tá siad a fhad chun tosaigh agus níos faide chun tosaigh ná, ná, atá mise inniu. Tá mise anseo inniu agus na cnámha síos liom, briste fríd, fríd tholláin agus achan rud mar sin.

DÓNALL: An bhfuil tú den bharúil, a Jimí, gur istigh sna tolláin a thug an droch shláinte sin duit?

JIMÍ: Á, bhuel, níor chuidigh sé ar scor ar bith. Níor shíl mé in san am go raibh mé ag déanamh dochar de chineál ar bith ach tá a fhios agam inniu é.. Anois tá an scoróg síos liom san am i láthair agus an ghualainn agus tá sé ag tabhairt trioblóide domh i mo luí agus i mo shuí. An chéad uair nuair a rachainn a luí, ní raibh sé chomh holc ach anois musclaím i lár na hoíche le pian in scoróige. Caithfidh mé i ndeireadh ama a ghabháil agus rud inteacht a fháil déanta leis, sin má bhím beo. Agus má raibh, nach cuma.

DÓNALL: An t-am iúdaí agus an t-uisce ag sileadh anuas oraibh creidim go raibh an t-éadach fliuch agus ní raibh sibh a thriomadh.

JIMÍ: Bhí tú báite, fliuch báite leath an ama, agus ag streachailt agus ag tarraingt agus obair chrua agus ag dingeadh agus ag brú, is ag tógáil rudaí troma is ag obair le meaisintí troma agus ansin ina dhiaidh sin taobh amuigh, taobh amuigh de na tolláin, bhí mé, bhí mé ar an chineál chéanna obair chrua go dtí go bhfuair mé jab éascaí i ndeireadh ama mar a d'inis mé duit.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Agus ansin, creidim nár chuidigh an deoch ach oiread. Agus, ach déarfainn dá bhfanfainn sa bhaile agus ansin b'fhéidir, b'fhéidir nach, nach sin mar a rachadh sé, níl a fhios ag aon duine.

DÓNALL: Bhuel, a Jimí, is de dhream cliste tú agus tá tú ábalta a ghabháil chun gcúl na glúnta ar na chéad dhaoine, clann Mhic Grianna a tháinig go Rann na Feirste, an chéad bheirt a cheannaigh é. Ar mhaith leat reáchtáil fríd sin domh, a Jimí, mar an fear maith ann?

JIMÍ: Bhuel, bhí, bhí suim agamsa i gcónaí in, in, in stair an bhaile agus stair na hÉireann agus, agus stair an domhan agus tíreolas agus, agus rudaí mar sin. Bhí suim agam i gcónaí in sin. Agus a bheagán ná mhórán, d'fhoghlaim an oiread agus a thioctadh liom agus fiú nuair a bhí mé ar shiúl, bhí mé ag scríobh anall anseo go Baile Átha Cliath fá choinne leabharthaí Gaeilge agus rudaí mar sin agus ar ndóigh, bhí mo chuid daoine muinteartha féin, clann Uí Ghrianna ó Rann na Feirste, bhí siadsan agus cuid mhór leabharthaí scríofa agus aistrithe agus rudaí agus bhí achán uile cheann acu sin léite agam agus choinnigh mé i gcónaí suas le gnóthaí, cúrsaí léitheoireachta agus, agus d'fhoghlaim mé oiread agus a thioctadh liom an dóigh sin.

DÓNALL: Agus an raibh tú féin ag scríobh ansin a Jimí, fosta?

JIMÍ: Agus scríobh mé féin....

DÓNALL:Filíocht agus leabhar.

JIMÍ: Scríobh mé píosaí filíochta agus scríobh mé cúpla amhrán agus scríobh mé leabhar, agus ní dheachaigh sí i gcló go fóill.

DÓNALL: Ach rachaidh gan mhoill.

JIMÍ: Bhuel, tá súil agam go deachaigh, go rachaidh. Agus cé acu an mbeidh rath-aird uirthi nó nach mbeidh, níl a fhios agam nuair nach bhfuil mórán céille léithe. Ach mar a déarfá, ní, ní, ní, cineál de fiction atá inti, go díreach mar a tháinig sé amach as mo chloigeann. Agus. Clann Uí Ghrianna a raibh tú ag caint ar, bhí, bhí

mé iontach bródúil astusan agus scríbhneoirí chomh clúiteach agus a tháinig amach as Éirinn i gcúrsaí Gaeilge ariamh, sílim féin.

DÓNALL: Ó, gan dabht ar bith a Jimí.

JIMÍ: Seamús agus, agus, agus Seosamh agus go háirithe Seosamh, bhí sé na, na, na, ina scríbhneoir iontach, iontach maith. Agus bhí an fear bán ansin, Séan Bán, bhí seisean ina fhile iontach mhaith. Agus ina cheoltóir mhaith agus bhí Dónal fosta, rinne seisean aistriúcháin agus tá mé ag déanamh gur scríobh sé leabhar ná beirt. Ach cuid leabharthaí Sheamúis, bhain mé sult mór astu sin. Agus ar chlann Uí Grianna, bhuel, thig liom a ghabháil chun gcúil ar mo dhream féin go dtí Pádraig, tháinig, bhí Pádraig agus Séan a tháinig anseo an chéad uair, 1736. Siad a tháinig go Rann na Feirste an chéad uair agus phós siad mná agus níl, níl cuid mhór cainte fá dtaobh de na mná a bhí acu ach ansin bhí teaghlach acu agus tháinig Clann Uí Dhomhnaill ansin aniar as Port Inis Míl agus as thiar ar an taobh thiar de na Rosann agus phós siadsan clann Mhic Grianna agus níl a fhios agam anois, tá daoine a deireann gur uaidh na Dálaigh a tháinig an fhilíocht agus an ceol agus an scríbhneoireacht agus tá daoine eile a deireann gur ó chlann Uí Grianna a tháinig sé. Ach ní thaobhóinn-se le ceann ar bith den bheirt acu, is é mo bharúil féin gur meascadh na fola, gur amach as an dá thaobh a tháinig sé. Anois ar mo thaobh, ó mo, mo thairbhse do, agus níl mé mo chur féin i gcosúlacht na fá mhíle dá dhuine ar bith de chlann Uí Grianna, bhuel, ba deas liom dá mbeinn cosúil leo, go maith leofa, ach níl, níl agus ní bheidh. Ach Dálach a bhí in mo mháthair, go ndéanfaidh an Rí mhaith uirthi agus fear de chlann Uí Grianna a bhí in m'athair, agus tháinig m'athair ó pháirtí Phádraig agus tháinig mo mháthair ó pháirtí Shéain. Agus ar thaobh m'athara do anois, Micí JIMÍ Harley a bhí airsean agus Micí JIMÍ Harley Phronsias Hiudaí Dhónaill Phádraig Ó Grianna. Sea. Agus, dúirt. Tá sé scríofa ag clann Uí Grianna go n-aithneoidh tú an difir idir, idir, idir an dá dhream ar an bhaile go fóill, páistí Phádraig agus páistí Shéain agus tchímse mo féin sin.

DÓNALL: An bhfeiceann,a a Jimí?

JIMÍ: Ó, tchím, tchím, tchím an difir idir an, idir an, idir an ,idir an dá, idir an dá dhream.

DÓNALL: Caidé an dóigh sin a bhfeiceann tú é?

JIMÍ: Bhuel, tá cuid acu níos críona agus cuid acu níos, níos, oibreannaigh níos fearr ná, ná, clann Phádraig, ar thaobh Phádraig. Séan, ba chuma le Séan ach ag ceol agus ag filíocht agus, agus scéalaíocht agus bhí Pádraig an dóigh eile. Fear saolta, santach a bhí ann, bhí ann Pádraig agus fiú, m'athair féin, thioctadh liomsa a rá go raibh sé iontach cosúil le dream Phádraig. Anois ar an taobh eile, ní, ní, ní, ní raibh dúil mhillteanach ag taobh mo mháthara in obair chrua nach a dhath ar bith mar sin agus bheadh siad níos fileata agus níos, níos mó tugtha den scríbhneoireachta agus, agus, agus rudaí mar sin. Agus ar an dóigh sin, tchímse, tchím an difir agus tchím fríd an bhaile uilig go léir é, mar a déarfá amach ó na daoine, na strainséirí a tháinig isteach. Na seacht, na daoine a thig leat, a dtig leofa a ghabháil siar ar a ndreamanna, siar go dtí, go dtí clann Uí, na beirt deartháireacha sin, clann Uí Grianna, tchífídh tú an difir eatarthu.

DÓNALL: Tchíonn.

JIMÍ: Aye. Tá sé furasta, furasta a fheiceáil.

DÓNALL: Inis domh faoin fhilíocht a chum tú féin, a Jimí. An bhfuil tú ábalta smaoineamh anois caidé an píosa is fearr leat a chum tú?

JIMÍ: Á Dhia, níl muise. Tá a fhios agam iad ach níl a fhios agam cén, cé acu ceann a ba fhearr liom anois. Bhí mise ag cumadh filíochta in Albain i mbéarla agus ag scríobh amhráin béarla agus bheadh cuid mhór acu ar an, thart anseo agus scríobhfainn amach iad agus chaithfinn isteach i mbuicéad iad agus rudaí mar sin, ní choinneoinn iad. Agus nuair a tháinig mé anall agus bhí mé ag ól, bhí mé lá amháin ar an phortach agus scríobh mé, chum mé dán beag agus mé ag obair liom ar an phortach agus go díreach, samhailt a tháinig isteach i mo chloigeann, mar a déarfá. Agus ní raibh an form rómhaith an lá sin ach oiread agus cineál, bhí mé cineál ag cumadh liom agus ag iarraidh a bheith ag cur thart an ama agus ag obair liom san am chéanna agus nuair a tháinig mé na bhaile, bhí cineál de dhúil agam ann agus

thug mé liom peann agus páipéar agus scríobh mé síos é agus bhí sé caite ansin ar feadh, fada go leor agus bhí, bhí Michelle ar an phobalscoil in san am agus d'iarr, bhí siad ag cuardú daoine le ghabháil isteach fá choinne Béal binn agus dúirt sí go rachadh sise dá mbeadh píosa filíochta aici le, le haistriú mar a déarfá, le rá agus bhuel, cur ceist thart fan bhaile agus tháinig sí isteach agus chur sí ceist ormsa agus smaoinigh mise air agus thug mé díthe é agus dúirt mé léi, foghlaim sin agus abair sin. Agus idir an dá linn, tháinig an lá ar dear mise suas mo intinn go raibh mé gabháil a bheith réidh leis an jab agus bhí sise ag foghlaim léi ar an jab agus a rá agus fuair sí fríd, fríd an chéad chéim agus fríd go dtí an darna háit agus i ndeireadh ama, bhí sí, bhí sí istigh in sa, in sa final mar a déarfá, thíos i nGaoth Dobhair, an oíche sin agus shuigh mé ag éisteacht léithe agus bhí sé, bhí sé beo ar Raidió na Gaeltachta agus ní raibh sí ach an bhliain déag an t-am sin agus fuair sí an chéad áit leis agus bhí mé iontach bródúil as sin.

DÓNALL: Bhí ábhar agat.

JIMÍ: Bhí. Agus, bhí dúil agam ann. Ansin, chum mé cúpla píosa eile ina dhiaidh sin agus tháinig, tháinig fear anseo as Béal Feirste uair amháin agus dúirt se liom go raibh píosa beag deas agam agus gur mhaith leis, mar a déarfá scannán a dhéanamh do. Agus dúirt mise, ` bhuel cad, caidé, caidé a bheadh agamsa le déanamh leis '. Agus dúirt sé ` a dhath ar bith ', a dúirt sé ` ach céad a thabhairt domsa ', a dúirt sé, ` scannán a dhéanamh de seo ', a dúirt sé, ` agus ', a dúirt sé, ` ní, ní bheidh agat ach go díreach céad a thabhairt ', a dúirt sé, ` agus tá sé agam ', a dúirt sé, ` tá sé agam scríofa, agus gheobhaidh mise duine inteacht eile ', a dúirt sé, ` mar a déarfá leis an aist, le é a, a, a rá ', mar a déarfá. Agus dúirt sé ` Beidh aisteoirí a dhíobháil orm ' a dúirt sé, ` le bheith ag obair de réir mar atáthar ag rá an dán ' agus a dúirt sé, ` caithfidh duine proifisiúnta a bheith le sin a dhéanamh ' a dúirt sé agus a dúirt sé ` níl agatsa ' a dúirt sé, ` ach céad a thabhairt domsa ', a dúirt sé. Agus a dúirt mise, ` ó, bhéarfaidh mise céad duit ', ba chuma liomsa, agus a dúirt sé, ` ó, gheobhaidh tú díolta ar a shon ', a dúirt sé. ` Á, bhuel ', a dúirt mise, ` dheon a miste liom ', ` tabhair leat é, caidé atá ann ach na cúpla ceathrú '. Agus, thug sé leis é agus tuairim is seachtain ina dhiaidh sin, fuair mise clúdach mór anseo uaidh an BBC agus conradh istigh ann le síniú agam, tá a fhios agat. Agus ó, léigh

mé fríd, ach bhí oiread do ann, bhí sé, bhí sé tuairim is troigh ar doimhne agus nach dtiocfadh leat a léamh agus d’amharc mé fríd ar scor ar bith agus bhí cúig ná sé áiteacha a raibh sé le síniú agus shínigh mé é agus chur mé ar shiúl arís iad sin. Agus tháinig scéala ansin chugam go raibh sé ag gabháil a bheith ar an teilifís a leithéid seo d’óiche agus chóiméad mé e agus bhí jab measartha déanta do agus chur siad amach arís ansin an darna uair é. Bhí dhá uair taobh istigh de sheachtain, chur siad amach dhá uair é.

DÓNALL: An raibh tú sásta leis a Jimí?

JIMÍ: Bhí mé breá sásta leis agus bhí mé níos sásta arís ar an ábhar bhí siad ag díol thart fá, tuairim is ar (sos). Bhí sé thar trí scor punta ar achan trí soicind. Tháinig sé go dtí cuid mhór airgid.

DÓNALL: Jees, bhí tú ag déanamh, bhí tú sásta.(gáire)

JIMÍ: Sterling fosta. In san am. Aye.

DÓNALL: Bhí ábhar agat a bheith sásta.

JIMÍ: Agus dar liom féin, bhuel Dhia dá mbeadh tréan acu seo thiocfadh liom mo bheatha a shaothrú ar seo ach sin a raibh ann acu sin, mar a déarfá. Ach, ó, rinne mé, rinne mé cuid mhór rudaí eile ó shin, mar a déarfá, tháinig, tháinig an BBC isteach anseo chun tígh agus rinne siad scannán istigh sa teach agus cuireadh, thug cuid acu leofa píosaí filíochta agus rudaí mar, amhráin agus rudaí mar sin a scríobh mé agus, agus chur siad, agus chur mé féin, chur, níor cheol mé féin in am ar bith ach chur stócach eile de mhuintir an bhaile, fear a bhfuil Aodh Mac Ruairí air, chur sé amhrán a chum mé ar an, ar, ar a, ar téip.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Agus tá, bíonn sin ar an raidió anois agus arís agus eisean a cheol.

DÓNALL: Iontach maith.

JIMÍ: Aye.

DÓNALL: Bhfuil tú ag gabháil a cheol domh, a Jimí ná bhfuil?

JIMÍ: Ó, níl, níl ceol ar bith agam níos mó.

DÓNALL: Á, níl agus tusa.

JIMÍ: Bhí uair amháin ach níl, níl, bhí mé measartha ag ceol uair amháin ach níl anois.

DÓNALL: An bhfuil tú, bhfuil tú ag gabháil a ara cuid de do chuid filíochta domh? Píosa ar bith atá in do cheann anois, a Jimí, bhéarfaidh mé bomaite beag duit le smaoineamh ansin.

BRISEADH SA TÉIP.

DÓNALL: Anois a Jimí, tá muid ar shiúl arís. But bhí mé, ba mhaith liom ceist a chur ort fá, tá a fhios agam go raibh tú ag cumadh ar fad agus bhí tú ag gabháil do creidim in Albain, agus tú i do luí, i do luí in, in cubicles bheaga, tráthnóna, ag smaoineamh agus ag cumadh agus ag gabháil ar aghaidh mar sin. But ansin chuaigh tú ar aghaidh nuair a chuaigh tú na bhaile, b'fhéidir, nó níl a fhios agam c'uair a thosaigh tú ag scríobh do chuid, scríobh tú an leabhar. Ba mhaith liom do chuid eolais ar sin, a Jimí, tá a fhios agam nach bhfuil sí foilsithe go fóill ach nach cuma, beidh sí am inteacht.

JIMÍ: Bhuel, bhí an leabhar sin, ó tharla go bhfuil muid ag caint uirthi, rud iontach a bhí ann. Bhí mé i mo shuí oíche amháin, istigh liom féin, agus phioc mé suas páipéar agus thosaigh mé ag scríobh agus bhí sruth scríbhneoireachta ag teacht amach go gasta agus a thiocthadh liomsa é a scríobh. Agus ag scríobh leis an lámh fhada, ní raibh mise ábalta a dhath a dhéanamh le computer ná le typewriter ná a

dhath ar bith mar sin in am ar bith. Agus ní raibh mé ag iarraidh é a dhéanamh ar an ábhar nuair a tháinig na rudaí sin amach, bhí mé ag déanamh go raibh mé ró-aosta le ghabháil, le ghabháil ina cheann. Ach scríobh mé liom ar scor ar bith agus ansin nuair a bhí tuairim is ar, b'fhéidir, deich leathanach agus fiche scríofa agam, stad mé agus léigh mé an rud a bhí scríofa agam. Agus dar liom, coinneoidh mé leis agus cóipleabhar a bhí ann agus ar an bhomaite sin, tháinig an scéal uilig go léir, chonaic mé an tús a bhí scríofa agam agus chonaic mé, an cineál, an deireadh a bhí gabháil a bheith air agus ní raibh a fhios agam caidé a bhí gabháil a bheith istigh eatarthu ach choinnigh mé ag scríobh liom de réir mar a bhí sé ag teacht amach agus níor mhaith liom piocadh ar a dhath ar bith a bhí mar a dúirt an béarla, factual, tá a fhios agat.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Ach go díreach, scéal, agus ba mhaith liom an scéal a bheith cineál mar fhírinne féin, deas. Agus scríobh mé liom ar scor ar bith, go dtí go raibh an cóipleabhar críochnaithe agus ansin fuair mé ceann eile. Agus choinnigh mé ag gabháil liom agus bhí sé uilig go léir cineál bunaithe thart ar, ar, ar, ar chúpla teaghlach. Agus níor spréigh mé amach barr, barr, barraíocht leis, choinnigh mé cineál i gcionn a chéile iad. Agus (sos). Díreach na gnáth rudaí a bhí ag tarlú ach bhí sí suite i réimse ama a bhí tuairim is ar céad ná céad go leith bliain ó shin agus ba í sin an t-am i mo, mo, mo, intinnse a ba fhiú a bheith beo, tá a fhios agat, sa tsean am nuair a bhí am chrua ann agus san am chéanna, tá fhios agat, ní raibh, bhí na daoine níos, níos, níos deise agus na daoine níos céille agus chonacthas domsa gur, gur, gur, gur, gur am maith a bhí ann le bheith ag scríobh fá dtaobh de agus bhí dúil agam ansin agus dar liom, bhuel coinneoidh mé air, ag déanamh rud a bhfuil dúil agam agus chríochnaigh mé an darna cóipleabhar. Agus isteach sa tríú ceann agus ansin d'éirigh mé tinn do agus chaith mé uaim é agus b'fhéidir go raibh sé sé mhí ina dhiaidh sin, nuair a thóg mé arís iad, oíche amháin agus mé i mo shuí istigh liom féin arís. Agus b'éigean domh iad uilig go léir a léamh ó thús go dtí na dheireadh go dtí go bhfeicfinn caidé a raibh sé fá dtaobh do.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

JIMÍ: Bhí cineál de dhearmad déanta agam agus ansin choinnigh mé ag gabháil liom arís agus níl a fhios cé mhéid uair a rinne mise sin. Ach in am inteacht ansin, bhí Michelle ar an Ollscoil agus bhí sise maith ar an ríomhaire agus, go measartha maith air ar scor ar bith agus dúirt mé léithe, ' ba cheart duit seo a chlósscríobh domh ' agus ' ó, Dhia, a Dad ', a dúirt sí, ' tá barraíocht ann ', agus dúirt mise, ' bhuel, déan mar a rinne mise é, giota anois agus giota arís '.

DÓNAL DINNY: Sea.

JIMÍ: agus cleachtadh maith a bhí aici ann. Agus bhí sé scríofa in sa chaighdeán agam ach bhí cineál de fadhb agam leis an chaighdeán ar an scoil anois, nuair a, nuair a bhí mise tuairim is ar, bhuel, an t-am a rinne mé an scrúdú sin ag an dá bhliain déag, an teistiméireacht sin, bhí mé a fhad ar an scoil, bhí mé fhad a thiocfadh liom a ghabháil ar an scoil náisiúnta mar a déarfá agus bhí tuairim is ar bliain eile le caitheamh agam in sa rang dheireannach agus thug an máistir cló rómhánach dúinn agus d'fhág sin an litriú úr leis na 'h'eanna agus rudaí mar sin, d'fhág sin rud níos fusa.

DÓNALL: Sea.

JIMÍ: Agus bhí mé a scríobh mar sin agus d'fhág sin níos fusa ag Michelle é le léamh, ar an ábhar, bhí an caighdeán agus an, agus an, agus an, an Ghaeilge úr seo, mar a deir siad féin leis an Ghaeilge úr agus bhí an tsean Ghaeilge agam fosta agus ní raibh trioblóid ar bith ariamh agam difir a dhéanamh idir an bheirt acu. Is cuma cén leabhar a thógfainn, is cuma cén Ghaeilge a raibh sí scríofa ann.

DÓNALL: Léifeá leat uirthi.

JIMÍ: Léifinn liom uirthi. Agus scríobh mé ar scor ar bith mar sin liom agus chuaigh sise ansin a chlóbhualadh agus i ndeireadh na dála bhí sí críochnaithe agam agus tháinig mé go dtí, go dtí críoch uirthi agus tá mé sásta go leor dithi. Níl, ní, níor bhain, níl mé ag gabháil a athrach a dhath ar bith inti ar scor ar bith.

DÓNALL: Ó, cad chuige go n-athródh.

JIMÍ: Tá sé go díreach mar a tháinig sé amach as mo chloigeann agus níl sí, níl sí, níl sí aimsithe ar, ar pháirt ar bith d'Éirinn.. Thiocfadh léi a bheith thíos i gConamara agus thiocfadh léi a bheith i gContae Chiarraí agus thiocfadh léi a bheith i ' _____ '+ ná áit ar bith ar chorr ar bith a bhfuil farraige agus, agus cosúil le thart in sa cheantar seo anseo. Agus tá chuid mhór di fá chúrsaí iascaireachta agus rudaí, rudaí a bhí le mo thoil féin, rudaí a raibh dúil agam féin iontu. Agus sin sin mar a déarfá, mar, mar, mar atá an scéal inti.

DÓNALL: Tá go maith a Jimí. Right a bhuel, níl mé ag gabháil do ligean ar shiúl anois go furasta sin but an bhfuil tú gabháil a, bhfuil tú ag gabháil a rá píosá filíochta domh a Jimí, a chum tú féin?

JIMÍ: Bhuel, b'fhéidir gur chuala tú e seo i roimhe. Fiachaidh mé leis, an méid a thiocfadh liom a ghabháil fríd. Tá sé. Déarfaidh mé an ceann sin, an píosá beag sin, a scríobh mé an lá sin ar an phortach, bhuel níor scríobh mé ar an phortach é ach chum mé ar an phortach é agus scríobh mé ina dhiaidh sin é agus Spéirbhean na Corrmhín a thug mé ar an ábhar thoir ar an Chormhín a bhí mé an lá sin agus sin an teideal a thug mise do agus níl, níl an darna teideal air ó shin. Bhí mé ag obair liom ansin ag páráil bachtaí fá choinne baint mhóna agus bhí, thug mé faoi deara frog beag ina suí ar, ar thaobh an, ar thaobh an bhachta agus ní raibh an chloigeann ar an chuid a ba fhearr agus thosaigh mé cineál ag smaoinigh mar a bheinn ag caint léithe agus, agus ag inse fá dtaobh dithi. Agus seo an rud a tháinig amach ar scor ar bith agus níor chur mé athrach ar bith ariamh air.

Bhí sí ina suí ar thaobh an bhachta nuair a thosaigh mé a pháráil
Agus caithfidh sé go dtáinig mé i gan fhios díthe ná chonacthas domh gur scanraigh sí
Chur mé fóran uirthi go macánta agus mholl mé gur lá breá a bhí ann
Ach ansin bhuail cineál d'áthas mé ná ní raibh mórán ar bith le rá aici.
Bhí cloigeann álainn órbhuí uirthi agus súile móra donna
Cosa caola fada agus lámha míne cumtha.

Sheasaigh mé gur bhreathnaigh mé í agus í sínte le mo thaobh,

Arbh é aníos as Sráth na Bruígh í ná anoir as Cnoc na Naomh.

D'amharc sí orm go truacánta agus dár liom gurbh í '_____'

(Ansin bhog mé suas an bachta nuair a lig mé)

Ansin bhog sí suas an bachta nuair a ligfinn thíos an fód

Bhí mé ag obair liom go dícheallach agus gan le deifir ná le saint

Ach muna bhfaigheansa an bachta a pháráil bhuel, ba deacair móin a bhaint.

Suas an bachta romham léithe ná gur shuigh mé ag ól braon tae

Thairg mé lán a béil di ach cineál b'fhéarr léithe gan é.

Ansin i ndiaidh am dinnéara thosaigh sí ag gabháil a cheol domh agus leoga an cineál glór a bhí aici ní thug mise mórán toil do,

Ach chur mise isteach lá pléisiúrtha go domhain i ngleanntáin sléibhe,

Gan Críostaí ar na gaohmhar ach mé féin agus an spéirbhean,

Ach bhí na fóda ag éirí trom sin nach b'fhéidir mise ag éirí lag,

Thug mé m'aghaidh anoir na bhaile agus d'fhág mise slán ag frog.

DÓNALL: Tá sin go maith a Jimí. Is maith tú. Bhuel anois a Jimí, tá téip maith tógtha againn agus rinne tú obair mhaith inniu.

JIMÍ: Á, níl a fhios agam.

DÓNAL DINNY: Tá mé fíorbhuíoch duit ar a shon. Go raibh míle maith agat, a Jimí. Beidh lá eile againn, b'fhéidir.

JIMÍ: Lá eile.

